Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Meitheamh 2021**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0210(COD)**

**6975/3/21**
**REV 3 ADD 1**

**PECHE 82**
**CADREFIN 130**
**CODEC 363**
**PARLNAT 134**

**RÁITEAS AR CHÚISEANNA NA COMHAIRLE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh d'fhonn go nglacfaí RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1004<br>– Ráiteas ar chúiseanna na Comhairle<br>– Arna ghlacadh ag an gComhairle an 14 Meitheamh 2021 |

# I. RÉAMHRÁ

1. An 13 Meitheamh 2018, thíolaic an Coimisiún an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i ndáil le Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1].

2. Tá an togra bunaithe ar Airteagail 42, 43(2), 91(1), 100(2), 173(3), 175, 188, 192(1), 194(2), 195(2) agus 349 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

3. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún a dtuairimí uathu an 12 Nollaig 2018 agus an 9 Deireadh Fómhair 2018 faoi seach.

4. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh an 4 Aibreán 2019[2].

5. Scrúdaigh an Mheitheal um an mBeartas Inmheánach Iascaigh an togra ón gCoimisiún ag roinnt cruinnithe a bhí aici ón dara leath de 2018 anall. Tháinig an Chomhairle ar chomhaontú maidir leis an gcéad chur chuige ginearálta páirteach an 18 Meitheamh 2019[3], ar an dara cur chuige ginearálta páirteach an 14-15 Deireadh Fómhair 2019[4] agus ar an tríú cur chuige ginearálta páirteach an 19 Deireadh Fómhair 2020[5].

6. Chuaigh an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa i mbun caibidlíochta i mí na Samhna 2019 d'fhonn teacht ar chomhaontú luath ar an dara léamh. Tugadh an chaibidlíocht chun críche go rathúil an 3 Nollaig 2020 agus tháinig Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar chomhaontú sealadach maidir le téacs comhréitigh.

---

[1] 9627/18 + ADD1 + ADD2

[2] Tuarascáil ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, PE 625.439v03-00, A8-0176/2019

[3] 10297/19

[4] 12660/1/19 REV1

[5] 10050/20 + COR1

7. An 25 Feabhra 2021, sheol Cathaoirleach Choiste PECH litir chuig Cathaoirleach Choiste na mBuanionadaithe, á thabhairt le fios i gcás ina ndéanfadh an Chomhairle a seasamh mar a comhaontaíodh a tharchur go foirmiúil chuig Parlaimint na hEorpa, faoi réir athbhreithniú dlítheangeolaíoch, go molfadh sé féin don Seisiún Iomlánach go nglacfaí an seasamh ón gComhairle, gan aon leasú, ar an dara léamh sa Pharlaimint.

8. An 3 Márta 2021, tháinig Coiste na mBuanionadaithe ar chomhaontú polaitiúil maidir le téacs comhréitigh an Rialacháin, faoi mar a chomhaontaigh an dá institiúid é.

## II. CUSPÓIR

9. Is é is aidhm don Rialachán maidir leis an gCiste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID) cistiú ó bhuiséad an Aontais a dhíriú ar thacaíocht a thabhairt don Comhbheartas Iascaigh (CBI), do bheartas muirí comhtháite an Aontais agus do ghealltanais idirnáisiúnta an Aontais i dtaca le rialachas aigéan. Ionstraim thábhachtach a bheidh ann chun tacú le cur chun feidhme chuspóirí CBI, go háirithe earnáil iascaigh inbhuanaithe de chuid an Aontais. Tacóidh sé freisin le pobail chósta agus intíre atá spleách ar ghníomhaíochtaí iascaigh agus dobharshaothraithe. Lena chois sin, beidh sé ina uirlis luachmhar chun an geilleagar gorm san iascach agus sa dobharshaothrú a chur chun cinn, ag tacú dá réir sin le fás agus le poist a chruthú, agus an mhuirthimpeallacht á cosaint san am céanna.

## III. ANAILÍS AR SHEASAMH NA COMHAIRLE AR AN gCÉAD LÉAMH

### A. Nóta ginearálta

10. Chuaigh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle i mbun caibidlíochta chun comhaontú a thabhairt i gcrích ag céim an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh ('luath-chomhaontú ar an dara léamh').

### B. Na príomh-shaincheisteanna

11. Ar phríomhghnéithe an chomhréitigh ar thángthas air le Parlaimint na hEorpa, tá na gnéithe seo a leanas:

– tá CEMID struchtúraithe sa chaoi go bhfuil na tosaíochtaí gar do chuspóirí an CBI agus go sainaithnítear cuspóir sonrach amháin nó níos mó do gach ceann de na tosaíochtaí;

– i gcás inarb infheidhme, cuirtear riachtanais na hiascaireachta cósta ar mhionscála san áireamh ina cláir;

– cuirtear na táscairí atá le húsáid ag na Ballstáit chun críocha faireacháin agus meastóireachta san áireamh in Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán agus ní féidir leis an gCoimisiún iad a leasú ná a fhorlíonadh;

– tá cur chun cinn an dobharshaothraithe inbhuanaithe ar cheann de chuspóirí sonracha CEMID;

– tá oibríochtaí a mhéadaíonn an acmhainn iascaireachta neamh-incháilithe le haghaidh cistiúcháin, i bprionsabal, ach tá siad faoi réir roinnt maoluithe dea-shainithe agus faoi choinníollacha dochta;

– tá infheistíochtaí sa chabhlach (e.g. innill a ionadú nó a nuachóiriú) agus scor sealadach nó buan gníomhaíochtaí iascaireachta incháilithe do chistiú faoi choinníollacha an-dochta;

– tá tacaíocht ar fáil i gcás imeachtaí eisceachtúla a mbeadh suaitheadh suntasach sna margaí mar thoradh orthu;

– tá uasráta cómhaoinithe aonair 70 % ann in aghaidh an chuspóra shonraigh le heisceacht do chásanna ina gcuirtear cothrom na Féinne chun cinn i ndáil le táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe ó na réigiúin is forimeallaí, arb é 100 % an t-uasráta cómhaoinithe dóibh.

## IV. CONCLÚID

12. Tá an Chomhairle den tuairim go bhfuil cothromaíocht mhaith sa seasamh uaithi ar an gcéad léamh ionas go gcomhlíonfaidh an Rialachán nua, a luaithe a ghlacfar é, an cuspóir go dtacófaí le cuspóirí CBI a baint amach, cur chun feidhme bheartas muirí an Aontais a chothú agus rialachas idirnáisiúnta na n-aigéan a neartú.

13. Léirítear sa seasamh ón gComhairle an comhréiteach cothrom ar thángthas air le linn na caibidlíochta idir Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, arna éascú ag an gCoimisiún.